



2026/1455

30.6.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/1455 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Meitheamh 2026

maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus maidir le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an caidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta is mó agus is doimhne ar domhan ag an Aontas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ('na Stáit Aontaithe') agus tá a ngeilleagair comhtháite go mór. B'fhiú níos mó ná EUR 1,6 trilliún an trádáil dhá threo iomlán a rinne siad in 2024. Is í an dúshraith atá faoin gcomhpháirtíocht dhomhain chuimsitheach sin infheistíocht fhrithpháirteach mhór i margaí a chéile, infheistíochtaí ar fiú thart ar EUR 5,3 trilliún iad. Is riachtanas straitéiseach é comhtháthú leanúnach na ngeilleagar sin a áirithiú, comhtháthú atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcomhpháirtíocht níos leithne idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, go háirithe tráth a bhfuil cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ina bhagairt ar leasanna bunúsacha slándála an Aontais.
- (2) Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas seasmhach do chóras iltaobhach trádála atá trédhearcach, cóir agus riailbhunaithe agus atá bunaithe ar phrionsabail na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT). I gcomhréir leis na Conarthaí, leanann an tAontas de bheith tiomanta dá luachanna agus dá leasanna a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda, go háirithe trí thrádáil oscailte chothrom a chur chun cinn agus tríd an dlí idirnáisiúnta a threisiú. Is é EDT bunchloch an oird trádála dhomhanda i gcónaí agus is é an príomhfhoram é chun rialacha trádála idirnáisiúnta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Tá an dlúthchomhar a dhéantar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis rithábhachtach chun an córas sin a chaomhnú agus a neartú, chun timpeallacht trádála dhomhanda intuatha agus riailbhunaithe a chosaint, chun an t-athchóiriú is gá ar EDT a chur chun cinn agus chun sásra dea-fheidhmiúil um réiteach díospóidí a bhaint amach.
- (3) Tá an tAontas tiomanta i gcónaí a áirithiú go bhforbróidh an caidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe i gcomhréir le prionsabail na saorthrádála córa idir na páirtithe, agus i gcomhréir le córas trádála riailbhunaithe EDT gan an bonn a bhaint ó bhearta beartais trádála eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear i réimse na cosanta trádála.
- (4) Le linn 2025, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe sraith beart taraife a rinne difear don Aontas. Le héifeacht ón 12 Márta 2025, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe taraifí breise 25 % ar allmhairí cruach agus alúmanaim agus ar a dtáirgí díorthacha. Le héifeacht ón 3 Aibreán 2025, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe dleacht bhreise 25 % ar allmhairí gluaisteán. Le héifeacht ón 5 Aibreán 2025, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe taraif bhreise ar na hallmhairí go léir ó na comhpháirtithe trádála go léir, ach an fhéidearthacht ann eisceachtaí a dhéanamh. Áiríodh leis an taraif bhreise sin taraif bhunlíne 10 % ar gach allmhaire. Ag brath ar chomharduithe trádála déthaobhacha, d'fhéadfaí taraifí tírshonracha a chur in ionad na taraife bonnlíne sin. I gcás an Aontais, ba é 20 % an taraif tírshonrach a fógraíodh. An 9 Aibreán 2025, d'fhógair na Stáit Aontaithe go gcuirfí siar forchur na dtaraifí tírshonracha ar feadh 90 lá, agus an bhonnlíne 10 % á coinneáil ar bun le haghaidh na gcomhpháirtithe uile. Le héifeacht ón 3 Bealtaine 2025, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe taraif bhreise 25 % ar allmhairí comhpháirteanna gluaisteáin. Le héifeacht ón 4 Meitheamh 2025, ardaíodh taraifí na Stát Aontaithe ar allmhairí cruach agus alúmanaim agus a dtáirgí díorthacha go 50 %. An 12 Iúil 2025, d'fhógair Uachtarán na Stát Aontaithe go gcuirfí taraif tírshonrach 30 % in ionad na taraife bonnlíne 10 % ar earraí de chuid an Aontais le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025. Le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025, d'fhorchuir na Stáit Aontaithe taraifí breise 50 % ar allmhairí copair agus a tháirgí díorthacha.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Meitheamh 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 25 Meitheamh 2026.

- (5) I gcomhthéacs den sórt sin, agus d'fhonn creat cobhsaí a bhunú le haghaidh na trádála idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, tháinig Uachtarán an Choimisiúin agus Uachtarán na Stát Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil an 27 Iúil 2025 ('comhaontú polaitiúil an 27 Iúil 2025'), rud a léiríodh ina dhiaidh sin sa Ráiteas Comhpháirteach maidir le Creat idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe i ndáil le Trádáil Chómhálartach, Chóir agus Chothrom an 21 Lúnasa 2025 ('an Ráiteas Comhpháirteach').
- (6) Sa Ráiteas Comhpháirteach, gheall na Stáit Aontaithe taraifí áirithe is infheidhme maidir le hallmhairí ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe a mhodhnú i gcomhréir le comhaontú polaitiúil an 27 Iúil 2025, rud a laghdaigh an ráta is infheidhme go huasteorainn taraife uilechuimsitheach 15 %. Gheall na Stáit Aontaithe freisin gan ach taraif an Náisiúin Barrfhabhair (NBF) a chur i bhfeidhm maidir le táirgí áirithe de chuid an Aontais amhail acmhainní nádúrtha nach bhfuil le fáil, lena n-áirítear corc, gach aerárthach agus gach páirt aerárthaigh, cógais chineálacha agus a gcomhábhair, agus a réamhtheachtaithe ceimiceacha. Gheall an tAontas agus na Stáit Aontaithe go mbreathnóidís ar earnálacha agus táirgí eile atá tábhachtach dá ngeilleagair agus dá slabhraí luacha a chur san áireamh sa liosta táirgí nach mbeadh feidhm ach ag taraifí NBF maidir leo.
- (7) Tá sé beartaithe ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe gurb é a bheidh sa Ráiteas Comhpháirteach an chéad chéim i bpróiseas a bheifear in ann a leathnú tuilleadh le himeacht ama chun réimsí breise a chumhdach agus chun leanúint d'fheabhas a chur ar rochtain ar an margadh agus chun a gcaidreamh trádála agus infheistíochta a mhéadú. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí leanúint de dhul i mbun caibidlíochta leis na Stáit Aontaithe d'fhonn teacht ar chomhaontú comhthairbheach d'earnálacha tábhachtacha eile dá gheilleagar, amhail an earnáil agraibhia, chomh maith leis an earnáil earraí tionsclaíocha.
- (8) Sa Ráiteas Comhpháirteach, gheall an tAontas deireadh a chur le dleachtanna custaim ar earraí tionsclaíocha uile na Stát Aontaithe agus rochtain fhabhrach ar an margadh a sholáthar i gcás raon leathan bia mara agus earraí talmhaíochta de chuid na Stát Aontaithe, ar a n-áirítear cnónna crainn, táirgí déiríochta, torthaí agus glasraí úra agus próiseáilte, bianna próiseáilte, síolta plandála, ola pónaire soighe, muiceoil agus feoil bhíosúin. Gheall an tAontas agus ag na Stáit Aontaithe caibidlíocht a dhéanamh maidir le rialacha tionscnaimh a mbeadh feidhm acu i ndáil leis na sochair trádála sin.
- (9) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas na dleachtanna custaim ar allmhairí earraí áirithe a choigeartú, agus ba cheart dó taraif-chuótaí a thionscnamh i ndáil le hallmhairí earraí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe, trí bhearta taraife fabhracha a ghlacadh dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾.
- (10) Ní dhéanann an Rialachán seo dochar do chumas an Aontais, i gcomhréir le dlí an Aontais, agus go háirithe Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, ar a dtugtar freisin 'an Ionstraim Frith-Chomhéigin', agus Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, ar a dtugtar freisin 'an Rialachán maidir le Forfheidhmiú', agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, bearta a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar bhearta arna nglacadh ag na Stáit Aontaithe.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj>).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha (IO L, 2023/2675, 7.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2675/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 189, 27.6.2014, lch. 50, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/654/oj>).

- (11) Is é príomhchuspóir an Ráitis Chomhpháirtigh creat soiléir a bhunú don trádáil thrasatlantach lena soláthrófar an chobhsaíocht agus an intuarthacht atá go mór de dhíth ar onnmhaiseoirí an Aontais. I gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí na Stát Aontaithe ag bagairt an bonn a bhaint ón gcobhsaíocht agus ón intuarthacht sin, lena n-áirítear trí imeacht óna ngealltanais faoin Ráiteas Comhpháirteach nó trí bhagairt a dhéanamh imeacht uathu, mar shampla má theipeann ar na Stáit Aontaithe, i gcomhthéacs dhul in éag nó ionadú an fhorghuirir shealadaigh allmhairiúcháin arna fhorchur le Forógra ó Uachtarán na Stát Aontaithe an 20 Feabhra 2026 maidir le honnmhairí an Aontais chuig na Stáit Aontaithe de bhun Roinn 122 den Acht Trádála 1974, aghaidh a thabhairt ar ábhair inní an Aontais maidir le cóireáil taraife na n-onnmhairí sin de chuid an Aontais a bhain tairbhe, go dtí an 24 Feabhra 2026, as an uasteorainn taraife uilechuimsitheach 15 % nó a bhí díolmhaíthe ó tharaifí breise, i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gealltanais an Aontais faoin Ráiteas Comhpháirteach arna chur chun feidhme leis an Rialachán seo a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina mbaineann na Stáit Aontaithe an bonn de chuspóirí an Ráitis Chomhpháirtigh ar shlí eile, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gealltanais an Aontais faoin Ráiteas Comhpháirteach a chuirtear chun feidhme leis an Rialachán seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach.
- (12) Ní dhéantar foráil sa Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an uasteorainn taraife 15 % a chur i bhfeidhm maidir le cruach agus alúmanam; dá bhrí sin, tá na taraifí 50 % a d'fhorchuir na Stáit Aontaithe in 2025 fós i bhfeidhm. Chuir an tAontas agus na Stáit Aontaithe in iúl sa Ráiteas Comhpháirteach, áfach, go bhfuil sé ar intinn acu breathnú ar an bhféidearthacht comhoibriú chun a margaí intíre faoi seach a imfháil ó ró-acmhainneacht cruach agus alúmanaim, agus slabhraí soláthair slána eatarthu féin á n-áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear trí réitigh taraif-chuótaí.
- (13) An 19 Lúnasa 2025, d'fhógair Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe go gcuirfí 407 gcatagóir táirgí le liosta na dtáirgí díorthacha cruach agus alúmanaim a chumhdaítear le taraifí earnála Roinn 232. Mar thoradh air sin, tá cion cruach agus alúmanaim na dtáirgí breise sin faoi réir taraif 50 %. An 2 Aibreán 2026, rinneadh liosta na dtáirgí díorthacha cruach agus alúmanaim atá faoi réir na dtaraifí sin agus modheolaíocht chur i bhfeidhm na dtaraifí sin a leasú tuilleadh.
- (14) Le forchur na dtaraifí sin, mar aon leis na ceanglais anásta riaracháin agus chustaim a tugadh isteach tar éis chomhaontú polaitiúil an 27 Iúil 2025, tá méadú tagtha ar an éagobhsaíocht sa trádáil idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus tá iarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha ann do na cuideachtaí de chuid an Aontais lena mbaineann agus dá n-oibrithe. Déanann na taraifí sin difear díreireach freisin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide an Aontais agus do thionscail iartheachacha an Aontais, rud a bhaineann an bonn óna n-iomaíochas i margadh na Stát Aontaithe agus as a bhféadfadh caillteanas fadtéarmach a eascairt don sciar den mhargadh agus damáiste marthanach a eascairt do shlabhraí soláthair tionsclaíocha trasatlantacha. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe teacht ar chonclúid ghasta, a rachadh chun tairbhe an dá thaobh, maidir leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair arb é is aidhm di na saincheisteanna taraife sin a réiteach agus caidreamh trádála trasatlantach cobhsaí a athbhunú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí cur i bhfeidhm an Rialacháin seo i ndáil leis na hearraí a thagann faoi chaibidlí 72, 73 agus 76 den Ainmníocht Chomhcheangailte mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ⁽³⁾, i gcás ina leanann na Stáit Aontaithe, an 31 Nollaig 2026, de tharaif níos airde ná 15 % a chur i bhfeidhm ar tháirgí díorthacha cruach agus alúmanaim a allmhairítear ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe.
- (15) Leis an Rialachán seo, deonaítear fabhair tharaife agus taraif-chuótaí leathana agus eisceachtúla do na Stáit Aontaithe, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méaduithe ar allmhairí na n-earraí a chumhdaítear leis na fabhair agus na cuótaí sin, rud a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar thionscal an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, sásra coimirce a bhunú, agus é mar aidhm leis tionscal an Aontais a chosaint, lena n-áirítear in earnáil na talmhaíochta, i gcás ina n-eascródh méaduithe den sórt sin ar allmhairí earraí áirithe as na fabhair tharaife agus na taraif-chuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo go ndéanfaí mórdhíobháil, nó go mbeadh an baol ann go ndéanfaí mórdhíobháil, do thionscal an Aontais.

⁽³⁾ Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj>).

- (16) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna custaim coigeartaithe agus na dtaraif-chuótaí coigeartaithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, in imthosca sonracha. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁶⁾.
- (17) Ba cheart tionscnamh earraí a chinneadh i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme, go háirithe na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach mar a leagtar síos i dTeideal II, Caibidil 2, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, go dtí go nglacfar rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear sa Rialachán sin chun toradh na caibidlíochta i ndáil le rialacha tionscnaimh dá dtagraítear sa Ráiteas Comhpháirteach a chur chun feidhme.
- (18) Níl measúnú tionchair ag gabháil leis an Rialachán seo agus is deacair an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag an Rialachán seo a mheas sula nglacfar é. Ba cheart don Choimisiún, dá bhrí sin, faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha san Aontas a bhaineann le coigeartú dleachtanna custaim agus le tionscnamh taraif-chuótaí dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go tráthrialta faoi na hathruithe ar mhéideanna trádála agus ar luachanna na n-allmhairí earraí isteach san Aontas de thionscnamh na Stát Aontaithe agus a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Faoi 30 Meitheamh 2029, ba cheart don Choimisiún measúnú cuimsitheach ar éifeachtaí an Rialacháin seo a thíolacadh, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (19) Braitheann rochtain ar mhargadh an Aontais ar dhlí an Aontais is infheidhme a bheith á chomhlíonadh.
- (20) Coinneofar Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go hiomlán agus go rialta, agus go tráthúil, faoi fhorbairtí ábhartha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus rachfar i gcomhairle go cuí leo, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na Conarthaí.
- (21) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé suaitheadh ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Coigeartú dleachtanna custaim

- 0 % a bheidh i ndleachtanna custaim is infheidhme na Comhtharfaí Custaim a bunaíodh le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 maidir le hallmhairí earraí isteach san Aontas a aicmítear faoi na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad.
- Ní chuirfear comhpháirt *ad valorem* na Comhtharfaí Custaim i bhfeidhm maidir le hallmhairí isteach san Aontas na n-earraí a aicmítear faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad. Coinneofar ar bun an dleacht shonrach ar na hearraí sin, a bhfuil feidhm aici i gcás ina dtiteann an praghas allmhairiúcháin faoi bhun an phraghais iontrála.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na príonsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

*Airteagal 2***Tionscnamh taraif-chuótaí**

1. Na hearraí atá aicmithe faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn III agus ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad, déanfar taraif-chuótaí de chuid an Aontais a thionscnamh maidir le hallmhairí na n-earraí sin isteach san Aontas.

2. Laistigh de na taraif-chuótaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, beidh feidhm ag rátaí dleachtanna fabhracha de réir bhrí Airteagal 56(2), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is é a bheidh sna rátaí sin na rátaí dleachta a shonraítear sa cholún dar teideal 'Ráta laistigh den chuóta', den tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, agus beidh feidhm acu suas leis na méideanna a shonraítear sa cholún dar teideal 'Méid cuóta' den tábla sin.

Beidh feidhm ag méideanna na gcuótaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo ar feadh tréimhsí comhleanúnacha 12 mhí, agus tosóidh an chéad cheann de na tréimhsí sin an 1 Iúil 2026.

3. Méideanna na gcuótaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit iad a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta maidir le taraif-chuótaí dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ⁽⁷⁾.

*Airteagal 3***Cur i bhfeidhm Airteagail 1 agus 2 a chur ar fionraí**

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena ndéantar cur i bhfeidhm Airteagail 1 agus 2 a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach in aon cheann de na himthosca seo a leanas, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar bhonn faisnéis chuí-réasúnaithe arna bailiú ar a thionscnamh féin nó arna fáil ó aon fhoinse iontaofa, lena n-áirítear Ballstát nó Parlaimint na hEorpa:

(a) i gcás ina mainníonn na Stáit Aontaithe an Ráiteas Comhpháirteach maidir le Creat idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe i ndáil le Comhaontú maidir le Trádáil Chómalartach, Chóir agus Chothrom an 21 Lúnasa 2025 ('an Ráiteas Comhpháirteach') a chur chun feidhme, mar shampla, i gcomhthéacs dhul in éag nó ionadú an fhormhuirir shealadaigh allmhairiúcháin arna fhorchur le Forógra ó Uachtarán na Stát Aontaithe an 20 Feabhra 2026 maidir le honnmhairí an Aontais chuig na Stáit Aontaithe de bhun Roinn 122 den Acht Trádála 1974, má mhainníonn na Stáit Aontaithe aghaidh a thabhairt ar ábhair inní an Aontais maidir le cóireáil taraife na n-onnmhairí sin de chuid an Aontais a bhain tairbhe, go dtí an 24 Feabhra 2026, as an uasteorainn taraife uilechuimsitheach 15 % nó a bhí díolmhaithe ó tharaifí breise, i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach;

(b) i gcás ina mbaineann na Stáit Aontaithe an bonn ar shlí eile ó na cuspóirí maidir le feabhas a chur ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus na cuspóirí arna saothrú leis an Ráiteas Comhpháirteach chun trádáil chómalartach, chóir agus chothrom a chur chun cinn, nó ina mbaineann sé an bonn den rochtain atá ag oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargadh na Stát Aontaithe, ina ndéanann sé idirdhealú in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha an Aontais arb é is aidhm dóibh oibriú sna Stáit Aontaithe, nó atá ag oibriú ann cheana, nó ina ndíríonn sé orthu nó ina gcuireann sé isteach ar shlí eile ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;

(c) i gcás ina bhfuil léiriú leordhóthanach ann go ngníomhóidh na Stáit Aontaithe ar an mbealach dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) amach anseo; nó

(d) i gcás ina bhfuil athrú tagtha ar imthosca oibiachtúla maidir leis na himthosca sin a bhí ann ar dháta an Ráitis Chomhpháirtigh.

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm Airteagal 1 i ndáil leis na hearraí a thagann faoi chaibidlí 72, 73 agus 76 AC mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, i gcás ina leanann na Stáit Aontaithe, an 31 Nollaig 2026, de ráta taraife níos airde ná 15 % a chur i bhfeidhm ar tháirgí díorthacha cruach agus alúmanaim a allmhairítear ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe.

Faoi 1 Nollaig 2026, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cóireáil taraife na Stáit Aontaithe ar tháirgí díorthacha cruach agus alúmanaim a allmhairítear ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe.

3. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(2).

Beidh feidhm ag na gníomhartha cur chun feidhme sin fad a mhairfidh na himthosca dá dtagraítear i mír 1 nó 2, faoi seach.

Airteagal 4

Bearta coimirce

1. I gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach ann, mar thoradh ar choigeartú na ndleachtanna custaim de bhun Airteagal 1 nó mar thoradh ar thionscnamh taraif-chuótaí de bhun Airteagal 2, go n-allmhairítear earra de thionscnamh na Stáit Aontaithe isteach san Aontas sna cainníochtaí méadaithe sin, i ndearbhbhéarmaí nó i gcoibhneas le táirgeacht an Aontais, agus faoi na coinníollacha sin, a fhágann go bhfuil siad ina gcúis le mórdhíobháil, nó go mbagraíonn siad a bheith ina gcúis le mórdhíobháil, do thionscal an Aontais, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirtear ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó 2. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(2).

2. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe ó thrí Bhallstát nó níos mó, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú féachaint an ann do na himthosca dá dtagraítear i mír 1.

Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú den sórt sin a thionscnamh freisin arna iarraidh sin do thionscal an Aontais, nó d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú thar ceann thionscal an Aontais, nó d'aon chomhlachas gan pearsantacht dhlítheanach atá ag gníomhú thar ceann thionscal an Aontais nó thar ceann ceardchumann, i gcás ina bhfuil fianaise prima facie leordhóthanach ann gur ann do mhórdhíobháil nó do bhagairt mórdhíobhála do thionscal an Aontais.

Féadfaidh an Coimisiún imscrúdú den sórt sin a thionscnamh ar a thionscnamh féin freisin, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise arna soláthar ag Ballstát amháin nó níos mó nó ag Parlaimint na hEorpa.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le toradh aon imscrúdaithe de bhun mhír 2.

4. Beidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 fad a bheidh na himthosca ar dá mbun a ghlacadh é fós ann.

5. Chun críoch an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'tionscal an Aontais' táirgeoirí an Aontais, ina n-iomláine, a tháirgeann an táirge comhchosúil nó díriomaíoch agus a oibríonn i gcríoch an Aontais, sin nó táirgeoirí an Aontais arb é atá ina n-aschur comhchoiteann den táirge comhchosúil nó díriomaíoch níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge sin de ghnáth agus, in imthosca eisceachtúla, méid nach lú ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge sin;

(b) ciallaíonn 'táirgeoirí an Aontais' táirgeoirí earraí tionsclaíocha an Aontais, chomh maith le táirgeoirí bia mara nó earraí talmhaíochta an Aontais a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

*Airteagal 5***Nós imeachta coiste**

1. Déanfaidh an Coiste um Bacainní Trádála a bunaíodh le Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cúnamh a thabhairt don Choimisiún⁽⁸⁾. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 6***Rialacha tionscnaimh**

Chun críocha an Rialacháin seo, is i gcomhréir leis na rialacha maidir le tionscnamh neamhfhabhrach dá dtagraítear i dTeideal II, Caibidil 2, Roinn 1 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a chinnfear tionscnamh earraí, go dtí go nglacfar na rialacha maidir le tionscnamh fabhrach dá dtagraítear in Airteagal 64(2) nó (3) den Rialachán sin.

*Airteagal 7***Faireachán, measúnú agus tuairisciú**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar na héifeachtaí eacnamaíocha san Aontas a bhaineann le coigeartú dleachtanna custaim de bhun Airteagal 1 agus le tionscnamh taraif-chuótaí de bhun Airteagal 2. Faoi 2 Eanáir 2027 agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na hathruithe ar mhéideanna trádála agus ar luachanna allmhairí na n-earraí isteach san Aontas de thionscnamh na Stát Aontaithe agus a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

2. Faoi 30 Meitheamh 2029, tíolacfaidh an Coimisiún measúnú cuimsitheach ar éifeachtaí an Rialacháin seo ('an measúnú cuimsitheach'). Cumhdófar sa mheasúnú cuimsitheach, *inter alia*, an méid seo a leanas:

- (a) tionchar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar na hallmhairí agus ar na honnmhairí uile idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;
- (b) athruithe ar shreafaí trádála ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha tionsclaíocha agus talmhaíochta;
- (c) an chaoi a bhfuil athrú tagtha ar phatrúin trádála an Aontais i ndáil leis an trádáil le tríú tíortha;
- (d) tionchar an Rialacháin seo ar ioncam a bhailítear ó dhleachtanna custaim;
- (e) tionchar an Rialacháin seo ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Cuirfidh an Coimisiún na sonraí agus an mhodheolaíocht a úsáideadh don mheasúnú cuimsitheach ar fáil don phobal.

I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an measúnú cuimsitheach chun síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1843/oj>).

*Airteagal 8***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2029.

I gcás inarb iomchuí, tólacfaidh an Coimisiún, in éineacht leis an measúnú cuimsitheach, togra reachtach chun síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2026.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

R. METSOLA

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. DAMIANOS

IARSCRÍBHINN I

Liosta na n-earraí dá dtagraítear in Airteagal 1(1)

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte ('AC'), is ceart a mheas gur tuairisc tháscach í an tuairisc ar na táirgí, toisc gurb iad na Cóid AC a chinneann na fabhair tharaife. I gcás ina luaitear cóid AC a bhfuil 'ex' rompu, tá na fabhair tharaife le cinneadh leis an gcód AC agus an tuairisc, i dteannta a chéile.

Cód AC 2025 (1)	Tuairisc
0701 90 50	Prátaí nua ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh, iad úr nó fuaraithe
0701 90 90	Prátaí, iad úr nó fuaraithe (seachas prátaí nua ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh, prátaí síl agus prátaí chun stáirse a mhonarú)
0703 10 19	Oinniúin, iad úr nó fuaraithe (seachas bleibíní)
0708 20 00	Pónairí (<i>Vigna</i> spp., <i>Phaseolus</i> spp.), bídís scilligthe nó ná bídís, iad úr nó fuaraithe
0709 20 00	Lus súgach, é úr nó fuaraithe
0709 60 10	Piobair mhilse, iad úr nó fuaraithe
0710 80 69	Beacáin, neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce (seachas den ghéineas <i>Agaricus</i>)
0710 80 95	Glasraí eile, bídís cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce nó ná bídís, iad reoite – Eile
0712 20 00	Oinniúin thriomaithe, iad iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach gan ullmhú thairis sin orthu
0712 90 90	Glasraí triomaithe agus meascáin de ghlásraí, iad iomlán, gearrtha, slisnithe, briste nó i bpúdar, ach gan ullmhú thairis sin orthu - Eile
0714 20 10	Prátaí milse, iad úr agus iomlán, atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine
0805 10 80	Oráistí, iad úr nó triomaithe (seachas oráistí milse úra)
0805 40 00	Seadóga agus pomalónna, iad úr nó triomaithe
0805 50 90	Líomaí (<i>Citrus aurantifolia</i> , <i>Citrus latifolia</i>), iad úr nó triomaithe
0805 90 00	Torthaí citris, iad úr nó triomaithe – Eile
0806 20 30	Sabhdánaigh thriomaithe
0806 20 90	Fíonchaora triomaithe (seachas cuiríní agus sabhdánaigh)

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Tuairisc
0808 10 10	Úlla ceirtlise, i mbulc, ón 16 Meán Fómhair go dtí an 15 Nollaig, iad úr
0808 30 10	Piorraí leanna, i mbulc, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig, iad úr
0810 20 10	Sútha craobh úra
0810 40 30	Torthaí den speiceas <i>Vaccinium myrtillus</i> , iad úr
0810 40 50	Torthaí den speiceas <i>Vaccinium macrocarpum</i> agus <i>Vaccinium corymbosum</i> , iad úr
0810 40 90	Torthaí den ghéineas <i>Vaccinium</i> , iad úr (seachas den speiceas <i>Vaccinium vitis-idaea</i> , <i>myrtillus</i> , <i>macrocarpon</i> agus <i>corymbosum</i>)
0811 90 19	Torthaí agus cnónna, iad inite, neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce, iad reoite, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo, ina bhfuil cion siúcra > 13 % de réir meáchain – eile
0811 90 50	Torthaí den speiceas <i>Vaccinium myrtillus</i> , iad neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce, iad reoite, neamh-mhilsithe
0811 90 95	Torthaí agus cnónna, iad inite, neamhchócaráilte nó cócaráilte trína ngalú nó trína mbeiriú in uisce, iad reoite, nach bhfuil siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo – eile
0813 10 00	Aibreoga triomaithe
0813 20 00	Prúnaí triomaithe
0813 40 95	Torthaí triomaithe – eile
0813 50 19	Meascáin d'aibreoga, úlla, péitseoga, lena n-áirítear <i>prunus persica nectarina</i> agus neachtairíní, piorraí, (pápánna), iad triomaithe, nó de thorthaí triomaithe inite eile, ina bhfuil prúnaí
1007 10 10	Sorgam gráin hibrídeach atá le cur
1007 90 00	Sorgam gráin (seachas sorgam gráin atá le cur)
1008 21 00	Síol muiléid atá le cur (seachas sorgam gráin)
1102 90 10	Plúr eorna
1209 10 00	Síolta siúcra biatais, atá le cur
1209 21 00	Síolta alfalfa atá le cur
1209 23 80	Síolta feisciú atá le cur (seachas síolta feisciú móinéir <i>Festuca pratensis</i> Huds agus síolta feisciú dheirg <i>Festuca rubra</i> L.)

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Tuairisc
1209 29 50	Síolta lúipín atá le cur
1209 29 60	Síolta biatais farae (<i>Beta vulgaris var. alba</i>), atá le cur
1209 29 80	Síolta ó bharr foráiste, atá le cur – eile
1209 30 00	Síolta plandaí luibheacha a shaothraítear go príomha ar son bláthanna, atá le cur
1209 91 30	Síolta biatais sailéid nó síolta meacain biatais (<i>Beta vulgaris var. conditiva</i>), atá le cur
1209 91 80	Síolta glasraí atá le cur (seachas biatais sailéid nó biatas (<i>Beta vulgaris var. conditiva</i>))
1209 99 91	Síolta plandaí neamhluibheacha a shaothraítear go príomha ar son a mbláthanna, atá le cur
1209 99 99	Síolta, torthaí agus spóir eile, atá le cur – eile
1512 11 10	Amhola lus na gréine nó amhola cróch bréige, le haghaidh úsáidí tionsclaíocha (seachas chun earraí bia a mhonarú)
1515 90 99	Saillte agus olaí plandúla do-ghalaithe agus a gcodáin, iad soladach, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach, i gcéadphacáistiú de mhéid > 1 kg nach sonraítear in áit ar bith eile. (seachas le haghaidh úsáidí teicniúla nó tionsclaíocha agus amholaí agus saillte amha)
1517 90 99	Meascáin nó ullmhóidí de shailte nó d'olaí ainmhíocha agus plandúla agus de chodáin de shailte nó d'olaí éagsúla, iad inite, ina bhfuil ≤ 10 % cion saille ime (seachas olaí plandúla do-ghalaithe, iad leachtach, measctha agus meascáin nó ullmhóidí inite le haghaidh ullmhóidí scaoilte múnlaí, agus margairín i bhfoirm sholadach)
2001 10 00	Cúcamaí agus gircíní, iad ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach
2001 90 20	Torthaí den ghéineas capsicum, iad ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach (seachas piobair mhilse agus pimeantónna)
2004 10	Prátaí ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, iad reoite
2005 20 10	Prátaí i bhfoirm plúir, mine nó calóg (seachas reoite)
2005 60 00	Lus súpach, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach (seachas reoite)
2005 70 00	Ológa, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach (seachas reoite)
2005 99 80	Glasraí, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile seachas le fínéagar nó le haigéad aicéiteach, gan bheith reoite – eile
2007 99	Subha, glóthacha, marmaláidí, purée nó leafaois as torthaí, a fhaightear trí chócaráil, bíodh siúcra breise nó ábhar miltithe breise eile curtha leo nó ná bíodh

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Tuairisc
2008 20 90	Anainn, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille bhreise ná siúcra breise curtha leo
2008 93	Mónóga (<i>Vaccinium macrocarpon</i> , <i>Vaccinium oxycoccos</i> , fraocháin sléibhe, <i>Vaccinium vitis-idaea</i>), iad ullmhaithe nó leasaithe, bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile nó biotáille curtha leo nó ná bíodh, nach sonraítear in áit ar bith eile
2008 99 28	Torthaí agus codanna inite eile de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, a bhfuil biotáille curtha leo, ina bhfuil cion siúcra > 9 % de réir meáchain agus ar ≤ 11,85 % a neart alcóil iarbhr de réir maise
2008 99 34	Torthaí agus codanna inite eile de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, a bhfuil biotáille curtha leo, ina bhfuil cion siúcra > 9 % de réir meáchain agus ar > 11,85 % a neart alcóil iarbhr de réir maise
2008 99 37	Torthaí agus codanna inite eile de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, a bhfuil biotáille curtha leo, ar ≤ 11,85 % a neart alcóil iarbhr de réir maise
2008 99 40	Torthaí agus codanna inite eile de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, a bhfuil biotáille curtha leo, ar > 11,85 % a neart alcóil iarbhr de réir maise
2008 99 45	Plumaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo ach a bhfuil siúcra breise curtha leo, i gcéadphacáistiú de ghlanmhéid > 1 kg
2008 99 48	Guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla agus draigineoga, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille curtha leo ach a bhfuil siúcra breise curtha leo, i gcéadphacáistiú de ghlanmhéid > 1 kg
2008 99 49	Torthaí agus codanna eile inite de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille curtha leo ach a bhfuil siúcra breise curtha leo, i gcéadphacáistiú de ghlanmhéid > 1 kg
2008 99 67	Torthaí agus codanna eile inite de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille curtha leo ach a bhfuil siúcra breise curtha leo, i gcéadphacáistiú de ghlanmhéid ≤ 1 kg
2008 99 99	Torthaí agus codanna eile inite de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe, nach bhfuil biotáille ná siúcra breise curtha leo – eile
2009 49 30	Sú anainn, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix > 20 ach ≤ 67 ag 20 °C, agus luach > EUR 30 an 100 kg, a bhfuil siúcra breise curtha leis (seachas sú ina bhfuil biotáille)
2009 81	Sú mónóg (<i>Vaccinium macrocarpon</i> , <i>Vaccinium oxycoccos</i> , fraocháin sléibhe, <i>Vaccinium vitis-idaea</i>), é neamhchoipthe, bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leis nó ná bíodh (seachas sú ina bhfuil biotáille)
2009 89 35	Sú ó thorthaí nó glasraí, é neamhchoipthe, nach bhfuil biotáille curtha leis, bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leis nó ná bíodh, ag a bhfuil luach Brix > 67 ag 20 °C, luach ≤ EUR 30 in aghaidh an 100 kg (seachas meascáin agus sú ó thorthaí citris, páiseoga, mangónna, mangaistíní, pápánna, seacaí, guábhaí, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, plumaí sapadaileacha, torthaí réaltúla nó draigineoga, anainn, trátaí, fíonchaora, úlla, mónóga agus piorraí)

Cód AC 2025 (*)	Tuairisc
2009 89 38	Sú ó thorthaí nó ó ghlasraí, é neamhchoipthe, bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leis nó ná bíodh, ag a bhfuil luach Brix > 67 ag 20 °C, agus luach > EUR 30 in aghaidh an 100 kg (seachas sú ina bhfuil biotáille, meascáin agus sú ó thorthaí citris, guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla, draigineoga, anainn, trátaí, fionchaora lena n-áirítear úrfhíon fionchaor, úlla, mónóga agus piorraí)
2009 89 69	Sú piorraí, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix ≤ 67 ag 20 °C, (seachas sú a bhfuil siúcra breise nó biotáille curtha leis)
2009 89 73	Sú ó ghuábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla nó draigineoga, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix ≤ 67 ag 20 °C, agus luach > EUR 30 in aghaidh an 100 kg de ghlanmheáchan, a bhfuil siúcra breise curtha leis (seachas meascáin nó sú ina bhfuil biotáille)
2009 89 79	Sú ó thorthaí nó ó ghlasraí, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix ≤ 67 ag 20 °C, agus luach > EUR 30 in aghaidh an 100 kg, a bhfuil siúcra breise curtha leis (seachas meascáin nó sú ina bhfuil biotáille agus sú ó thorthaí citris, guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla, draigineoga, anainn, trátaí, fionchaora lena n-áirítear úrfhíon fionchaor, úlla, mónóga, piorraí agus silíní)
2009 89 86	Sú ó thorthaí nó ó ghlasraí, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix ≤ 67 ag 20 °C, agus luach ≤ EUR 30 in aghaidh an 100 kg, ina bhfuil cion siúcra breise > 30 % (seachas meascáin nó sú ina bhfuil biotáille agus sú ó thorthaí citris, guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla, draigineoga, anainn, trátaí, fionchaora lena n-áirítear úrfhíon fionchaor, úlla, mónóga agus piorraí a áireamh)
2009 89 89	Sú ó thorthaí nó ó ghlasraí, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix ≤ 67 ag 20 °C, agus luach ≤ EUR 30 in aghaidh an 100 kg, ina bhfuil cion siúcra breise ≤ 30 % (seachas meascáin nó sú ina bhfuil biotáille agus sú ó thorthaí citris, guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla, draigineoga, anainn, trátaí, fionchaora lena n-áirítear úrfhíon fionchaor, úlla, mónóga agus piorraí a áireamh)
2009 89 99	Sú ó thorthaí nó ó ghlasraí, é neamhchoipthe, ag a bhfuil luach Brix ≤ 67 ag 20 °C (seachas sú a bhfuil siúcra breise nó biotáille curtha leis agus sú ó thorthaí citris, guábhaí, mangónna, mangaistíní, pápánna, tamarainí, úlla caisiú, lítsíonna, seacaí, plumaí sapadaileacha, páiseoga, torthaí réaltúla, draigineoga, anainn, trátaí, fionchaora lena n-áirítear úrfhíon fionchaor, úlla, piorraí, silíní agus mónóga a áireamh)
25	Salann; sulfar; créanna agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin
26	Mianta, slaig agus luaith
27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha
28	Ceimiceáin neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de mhiotail tearc-chré, de dhúile radaighníomhacha nó d'iseatóip

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Tuairisc
ex 29	Ceimiceáin orgánacha; Cé is moite de: 2905 43 - Mainníotól 2905 44 - D-Gliúciotól (soirbíotól)
30	Táirgí cógaisíochta
31	Leasacháin
32	Eastóscáin súdaireachta nó ruaimneoireachta; tainníní agus a gcuid díorthach; ruaimneanna, líocha agus ábhar dathúcháin eile; péinteanna agus vearnaisí; puití agus maisteoga eile; dúigh
ex 33	Blátholaí agus roisíneoidí; ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta; Cé is moite de: 3302 10 - Meascáin de shubstaintí cumhra agus meascáin, lena n-áirítear tuaslagáin alcóil, de bhunús ceann amháin nó níos mó de na substaintí sin, de chineál a úsáidtear sna tionscail bhia agus óil; ullmhóidí eile atá bunaithe ar shubstaintí cumhra, de chineál a úsáidtear chun deochanna a mhonarú
34	Gallúnach, oibreáin dhromchla-ghníomhacha orgánacha, ullmhóidí níocháin, ullmhóidí bealaithe, céaracha saorga, céaracha sainullmhaithe, ullmhóidí snasaireachta nó sciúracháin, coinnle agus earraí dá samhail, taois mhúnlóireachta, 'déadchéaracha' agus ullmhóidí déidliachta ar bhonn plástair
3506	Ghlúinna ullmhaithe agus greamacháin eile ullmhaithe, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; táirgí atá oiriúnach lena n-úsáid mar ghliúna nó greamacháin, atá cóirithe lena miondíol mar ghliúna nó greamacháin, nach mó a nglanmheáchan ná 1 kg
3507	Einsímí; einsímí ullmhaithe nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile
36	Pléascáin; táirgí piriteicniúla; lasáin; cóimhiotail phireafóracha; ullmhóidí áirithe indóite
37	Earraí fótagrafacha nó cineamatagrafacha
ex 38	Táirgí ceimiceacha ilghnéitheacha; Cé is moite de: 3809 10 – Oibreáin bhailchríche, iompróirí ruaimneanna chun dlús a chur leis an ruaimniú nó le daingniú na ruaimneachán agus táirgí eile agus ullmhóidí eile (e.g., cóirithe agus buanaitheoirí), de chineál a úsáidtear sa tionscal teicstíle, páipéir nó leathair nó i dtionscail chomhchosúla, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile, de bhunús substaintí amaláiseacha; 3824 60 - Soirbíotól seachas soirbíotól atá faoi fho-cheannteideal 2905 44
39	Plaistigh agus earraí atá déanta as plaistigh
40	Rubar agus earraí atá déanta as rubar

Cód AC 2025 (*)	Tuairisc
41	Seithí agus craicne amha (seachas fionnadhseithí) agus leathar
42	Earraí leathair; earraí diallaiteoireachta agus úmacha; earraí taistil, málaí láimhe agus coimeádáin chomhchosúla; nithe déanta d'inne ainmhí (seachas inne seiriceáin)
43	Craicne fionnaidh agus fionnadh saorga; earraí atá monaraithe astu
44	Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual
45	Corc agus earraí atá déanta as corc
46	Earraí monaraithe atá déanta as tuí, easpartó nó ábhair thrilseacha eile; earraí ciseáin agus earraí caoladóireachta
47	Laíon adhmaid nó ábhair shnáithíneacha cheallalósacha eile; páipéar slánaithe nó cairtchlár slánaithe (atá déanta as dramhaíl agus fuíoll)
48	Páipéar agus páipéarchlár; earraí atá déanta as laíon páipéir, as páipéar nó as páipéarchlár
49	Leabhair chlóbhuailte, nuachtáin, pictiúir agus táirgí eile de chuid thionscal na priontála; lámhscríbhinní, clóscríbhinní agus pleananna
50	Síoda
51	Olann, fionnadh ainmhithe mín nó garbh; snáth róin agus fabraic fhite
52	Cadás
53	Snáithíní teicstíle plandúla eile; snáth páipéir agus fabraicí fite as snáth páipéir
54	Filiméid de dhéantús an duine; stiall agus a leithéidí déanta as ábhair teicstíle de dhéantús an duine
55	Snáithíní stáplacha de dhéantús an duine
56	Flocas, feilt agus ábhair neamhfhite; snáitheanna speisialta; sreangán, téadra, rópaí agus cáblaí agus earraí atá déanta astu
57	Cairpéid agus clúdaigh urláir theicstíle eile
58	Fabraicí fite speisialta; fabraicí teicstíle stothacha; lása; taipéisí; ciumhsóga; earraí bróidnéireachta
59	Fabraicí teicstíle atá tuilthe, brataithe, clúdaithe nó lannaithe; earraí teicstíle de chineál atá oiriúnach le haghaidh úsáid thionsclaíoch
60	Fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte
61	Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, iad cniotáilte nó cróiseáilte
62	Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, gan cniotáil gan chróiseáil

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Tuairisc
63	Earraí teicstíle rédhéanta eile; foirne earraí; éadaí caite agus earraí teicstíle caite; ceirteacha
64	Coisbhearta, loirgneáin agus a leithéidí; páirteanna de na hearraí sin
65	Ceannbhearta agus codanna díobh
66	Scáthanna fearthainne, scáthanna gréine, bataí siúil, bataí suíocháin, fuipeanna, fuipeanna marcaíochta agus codanna díobh
67	Cleití agus clúmh ullmhaithe agus earraí atá déanta as cleití nó as clúmh; bláthanna saorga; earraí atá déanta as gruaig dhaonna
68	Earraí cloiche, plástair, stroighne, aiseiste, míoca nó ábhair chomhchosúla
69	Táirgí ceirmeacha
70	Gloine agus earraí gloine
71	Péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara, miotail lómhara, miotail cumhdaithe le miotal lómhar, agus earraí díobh; seodra bréige; boinn
72	Iarann agus cruach
73	Earraí déanta as iarann nó cruach
74	Copar agus earraí déanta as copar
75	Nicil agus earraí déanta as nicil
76	Alúmanam agus earraí déanta as alúmanam
78	Luaidhe agus earraí déanta as luaidhe
79	Sinc agus earraí déanta as sinc
80	Stán agus earraí déanta as stán
81	Táirmhiotail eile; ceirméid; earraí déanta de
82	Uirlisí, giúirléidí, sceanra, spúnóga agus foirc, iad déanta as táirmhiotal; codanna díobh déanta as táirmhiotal
83	Earraí ilghnéitheacha déanta as táirmhiotal
84	Imoibreoirí núicléacha, coirí, innealra agus fearais mheicniúla; páirteanna díobh
85	Innealra agus trealamh leictreach agus páirteanna díobh; taifeadáin agus atáirgeoirí fuaime, taifeadáin agus atáirgeoirí íomhánna agus fuaime teilifíse, agus páirteanna agus gabhálais de na hearraí sin

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Tuairisc
86	Innill iarnróid nó trambhealaigh, rothstoc agus páirteanna díobh; daingneáin agus feistis riain iarnróid agus trambhealaigh agus páirteanna díobh; trealamh meicniúil (lena n-áirítear leictrimheicniúil) comharthaíochta tráchta de gach cineál
87	Feithiclí seachas rothstoc iarnróid nó trambhealaigh, agus páirteanna agus gabhálais díobh
88	Aerárthaí, spásárthaí, agus codanna díobh
89	Longa, báid agus déanmhais snámhacha
90	Uirlisí agus gairis optúla, fhótagrafacha, chineamatografacha, tomhais, seiceála, bheacht-tomhais, leighis nó mháinliachta; páirteanna díobh agus gabhálais díobh
91	Cloig agus uaireadóirí agus codanna díobh
92	Uirlisí ceoil; páirteanna agus gabhálais d'earraí den sórt sin
93	Airm agus armlón; páirteanna díobh agus gabhálais díobh
94	Troscán; cóir leapa, tochtanna, tacaí tochta, cúisíní agus feistis líonta chomhchosúla; soilse agus feistis soilse, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; comharthaí soilsithe agus ainmchláir shoilsithe agus a leithéidí; foirgnimh réamhdhéanta
95	Bréagáin, cluichí agus gairis spóirt; páirteanna díobh agus gabhálais díobh
96	Earraí monaraithe ilghnéitheacha
97	Saothair ealaíne, earraí inbhailithe agus seandachtaí

⁽¹⁾ Is as an Ainmníocht Chomhcheangailte mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus leis an gComhtharaif Chustaim a thógtar na cóid ainmníochta, de réir mar is infheidhme in 2025, agus *mutatis mutandis* de réir mar a leasaítear é le gníomhartha dlí ina dhiaidh seo.

IARSCRÍBHINN II

Liosta na n-earraí dá dtagraítear in Airteagal 1(2)

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte ('AC'), is ceart a mheas gur tuairisc tháscach í an tuairisc ar na táirgí, toisc gurb iad na Cóid AC a chinneann na fabhair tharaife.

Cód AC 2025 ⁽¹⁾	Cur síos	An tarraif is infheidhme maidir le hearraí de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá
0702	Trátaí, iad úr nó fuaraithe	Tá feidhm ag Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 mar a leanas: tá comhpháirt na dleachta <i>ad valorem</i> 8,8 % curtha ar fionraí go nialas. Coinnítear comhpháirt na dleachta sonraí
0707 00 05	Cúcamaí, iad úr nó fuaraithe	Tá feidhm ag Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 mar a leanas: tá an chomhpháirt <i>ad valorem</i> 12,8 % curtha ar fionraí go nialas. Coinnítear comhpháirt na dleachta sonraí
